Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**12656/25**

**ENV 815**
**MI 635**
**DELACT 125**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 5939 final |
| Ábhar: | TREOIR THARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 8.9.2025 lena leasaítear Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine do luaidhe i sádair ardteochta leáite |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 5939 final.

---

Faoi iamh: C(2025) 5939 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.9.2025
C(2025) 5939 final

# TREOIR THARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 8.9.2025**

**lena leasaítear Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine do luaidhe i sádair ardteochta leáite**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis an Treoir Tharmligthe seo ón gCoimisiún, leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le srian ar shubstaintí guaiseacha áirithe a úsáid i dtrealamh leictreach agus leictreonach ('an Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha')[1] a mhéid a bhaineann le díolúine le haghaidh luaidhe i sádair ardteochta leáite.

Le hAirteagal 4 den Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha, cuirtear srian ar shubstaintí guaiseacha áirithe a úsáid i dtrealamh leictreach agus leictreonach (TLL). Faoi láthair, tá srian ar 10 substaint agus liostaítear iad in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir: luaidhe, mearcair, caidmiam, cróimiam heicsifhiúsach, défheinilí polabróimínithe (PBBanna), éitir dhéfheiníle pholabróimínithe (PBDEnna), taláit bhis(2- eitilheicsil) (DEHP), taláit bhúitilbeinsile (BBP), taláit débhúitile (DBP) agus taláit dé-iseabúitile (DIBP).

Liostaítear in Iarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha ábhair agus comhpháirteanna TLL le haghaidh feidhmeanna sonracha atá díolmhaithe ó na srianta ar shubstaintí in Airteagal 4(1) den Treoir. Le hAirteagal 5, ceadaítear Iarscríbhinní III agus IV a chur in oiriúint don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil (maidir le díolúintí a dheonú, a athnuachan agus a chúlghairm). Faoi Airteagal 5(1)(a), níl díolúintí le cur in Iarscríbhinní III agus IV ach amháin mura lagóidh sé sin an chosaint don chomhshaol agus don tsláinte a thugtar le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ('Rialachán REACH')[2] agus má chomhlíontar aon cheann de na trí choinníoll seo a leanas:

- má tá an díothú nó an t-ionadú dodhéanta go heolaíoch nó go teicniúil trí athruithe ar an dearadh, nó trí ábhair agus chomhpháirteanna nach bhfuil aon cheann de na hábhair ná substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn II ag teastáil lena n-aghaidh;
- mura n-áirithítear iontaofacht na n-ionadach;
- más dócha gur mó tionchair dhiúltacha iomlána an ionadaithe don chomhshaol, don tsláinte agus do shábháilteacht an tomhaltóra ná na tairbhí iomlána don chomhshaol, don tsláinte agus do shábháilteacht an tomhaltóra.

Ní mór infhaighteacht na n-ionadach agus tionchar socheacnamaíoch an ionadaithe a chur san áireamh sna cinntí maidir le díolúintí, agus fad na ndíolúintí sin. Ní mór aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar an nuálaíocht a chur san áireamh sna cinntí maidir le fad na ndíolúintí. Ní mór feidhm a bheith ag an smaointeoireacht saolré ar thionchar foriomlán na díolúine, i gcás inarb ábhartha.

Aicmítear TLL atá faoi réir na Treorach maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha i gcomhréir leis an gcatagóiriú a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

Le hAirteagal 5(1) den Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha, ceadaítear don Choimisiún ábhair agus comhpháirteanna TLL le haghaidh feidhmeanna sonracha a chur sna liostaí in Iarscríbhinní III agus IV trí bhíthin gníomhartha tarmligthe aonair i gcomhréir le hAirteagal 20. Le hAirteagal 5(3) agus Iarscríbhinn V, leagtar síos an nós imeachta chun iarratais ar dhíolúine a chur isteach.

---

1 IO L 174, 1.7.2011, lch. 88.

2 Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Faigheann an Coimisiún iarrataí ó oibreoirí eacnamaíocha ar dhíolúintí a dheonú nó a athnuachan de bhun Airteagal 5(3) den Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha.[3]

Liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha faoi phointe 7(a) díolúine maidir le **luaidhe i sádair de chineál ardteochta leáite** (i.e. cóimhiotail luaidhe-bhunaithe ina bhfuil 85 % luaidhe nó níos mó de réir meáchain). Rinneadh an díolúine i bpointe 7(a) a athnuachan le déanaí le Treoir Tharmligthe (AE) 2018/742 ón gCoimisiún.[4] Níor athraíodh foclaíocht na díolúine sin ó tugadh isteach í in 2003.

Bhí an díolúine i bpointe 7(a) le dul in éag an 21 Iúil 2021 le haghaidh chatagóirí 1 go 7 agus 10 agus le haghaidh chatagóirí 8 agus 9 seachas feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* agus ionstraimí faireacháin agus rialaithe tionsclaíocha. Bhí an díolúine le dul in éag an 21 Iúil 2023 i gcás feistí leighis diagnóiseacha *in vitro de chatagóir 8 agus an 21 Iúil 2024 i* gcás ionstraimí faireacháin agus rialaithe tionsclaíocha de chatagóir 9, agus i gcás chatagóir 11 'TLL eile nach gcumhdaítear le haon cheann de na catagóirí eile' ('TLL eile').

An 15 agus an 16 Eanáir 2020, fuair an Coimisiún iarrataí ar athnuachan ar dhíolúine i bpointe 7(a) maidir le catagóirí 1-10. Ina theannta sin, an 9 Deireadh Fómhair 2020, fuair an Coimisiún iarraidh chomhchosúil ar chatagóir 11. Fuarthas gach iarratas laistigh den tréimhse ama le haghaidh athnuachan a leagtar síos in Airteagal 5(5) den Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha.

I gcás ionstraimí faireacháin agus rialaithe tionsclaíocha de chatagóir 9 agus TLL eile de chatagóir 11, fuair an Coimisiún dhá iarratas ar athnuachan an 20 Eanáir 2023, laistigh den tréimhse ama le haghaidh athnuachan a leagtar síos in Airteagal 5(5) den Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha.

De réir Airteagal 5(5), an dara fomhír, den Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha, ba cheart go leanfadh na díolúintí atá ann cheana de bheith bailí go dtí go ndéanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir leis an iarratas ar athnuachan.

**Measúnú teicniúil**

I mí Dheireadh Fómhair 2020, sheol an Coimisiún staidéar, a[5] tugadh i gcrích i mí Feabhra 2022, chun an measúnú teicniúil agus eolaíoch is gá a dhéanamh, lena n-áirítear comhairliúchán poiblí 10 seachtaine le páirtithe leasmhara. Cuireadh na tuairimí go léir san áireamh. Cuireadh an fhaisnéis faoin gcomhairliúchán ar fáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail[6].

Cuireadh isteach seacht rannchuidiú aonair le haghaidh na díolúine i bpointe 7(a) le linn an chomhairliúcháin phoiblí. Thacaigh ionadaithe tionscail go príomha le hathnuachan na díolúine i bpointe 7(a), ach cháin údaráis phoiblí an raon feidhme neamhshainithe agus an easpa údair agus an díolúine sin á cur chun feidhme acu.

Is iad seo a leanas na príomhphointí a eascraíonn as an measúnú teicniúil agus eolaíoch.

---

3 Tá an liosta le fáil ag: http://ec.europa.eu/environment/waste/rohs_eee/adaptation_en.htm.
4 IO L 123, 18.5.2018, lch. 112.
5 Tá an tuarascáil chríochnaitheach (Pacáiste 22) den staidéar ar fáil ag: https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/c774eb67-7cc6-11ec-8c40-01aa75ed71a1/language-en.
6 An tréimhse chomhairliúcháin: An 30 Márta 2021 go dtí an 8 Meitheamh 2021; https://rohs.exemptions.oeko.info/.

Úsáidtear luaidhe i sádair de chineál ardteochta leáite i gcomhpháirteanna éagsúla le haghaidh catagóirí éagsúla TLL. Is féidir iad a úsáid in TLL mar ábhar ceangail dísle, mar idirnaisc leictreacha inmheánacha, mar ábhar séalaithe, i lampaí nó i dtrasduchtóirí fuaime.

Úsáideann na cineálacha sádair seo idir 85 % agus 95,5 % luaidhe de réir meáchain. Cuireann an tiúchan ard luaidhe le hairíonna ábhartha tábhachtacha, cosúil le hardphointí leáite (> 260 ° C) agus seoltacht theirmeach agus leictreach maith, insínteacht, friotaíocht creimeadh, nádúr ocsaídiúcháin iomchuí, agus infhliuchtacht. Tá na hairíonna seo ábhartha go háirithe i dtimpeallachtaí crua, e.g. feidhmeanna atá nochta do chreathadh nó do theochtaí arda. Éascaíonn na hairíonna ábhair seo déantúsaíocht níos éasca agus níos gasta comhpháirteanna TLL agus dá bhrí sin éifeachtúlacht costais níos fearr i ndéantúsaíocht TLL.

Leis an díolúine i bpointe 7(a) d'Iarscríbhinn III maidir le luaidhe i sádair ardteochta leáite, cumhdaítear na mílte tona luaidhe in aghaidh na bliana agus is dócha go bhfuil sí ar cheann de na díolúintí a úsáideann an luaidhe is mó faoin Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha.

Is minic a úsáidtear an díolúine i bpointe 7(a) mar údar le hardluachanna luaidhe i sádair le haghaidh táirgí éagsúla cé nach bhfuil aon riachtanas inaitheanta go teicniúil ann. Ní shainítear leis an raon feidhme an réimse feidhme agus ní thugtar aghaidh leis ach oiread ar chuspóir feidhmiúil luaidhe bunaithe ar a hairíonna.

Tá sádair saor ó luaidhe ann le haghaidh teochtaí níos airde a d'fhéadfaí a úsáid i bhfeidhmeanna áirithe. Réimse amháin ina ndearnadh dul chun cinn maidir le réitigh saor ó luaidhe a dhearadh ná trasduchtóirí fuaime ardmhinicíochta agus ísealmhinicíochta. Mar sin féin, i gcás earnálacha eile, tá teorainn leis an rannpháirtíocht chun ionadaithe a fhorbairt le haghaidh sádair de chineál ardteochta leáite ina bhfuil luaidhe.

Is é conclúid an mheasúnaithe theicniúil nach mbeidh réitigh saor ó luaidhe ar fáil do gach iarratas sna 3 bliana amach romhainn. Tá na feidhmeanna éagsúla agus na coinníollacha riachtanacha le haghaidh na n-ábhar ró-éagsúil chun údar a thabhairt le deireadh a chur leis an díolúine bunaithe ar réitigh aonair ag an am seo.

Mar sin féin, cosúil leis an gcur chuige a moladh sa mheasúnú teicniúil is déanaí, in 2016, dá ndéanfaí an pointe díolúine a roinnt i bhfo-iontrálacha níos sonraí, bheadh sé níos éasca fianaise shaincheaptha a sholáthar agus measúnú a dhéanamh ar infhaighteacht agus iontaofacht roghanna malartacha amach anseo. Is é deighilt dhíolúine 7(a) i réimsí feidhme a dtacaíonn coinníollacha teicniúla leo an catagóiriú is iomchuí. Chuideodh an cur chuige sin leis an gcéad mheasúnú teicniúil eile a dhíriú ar na réimsí feidhme sin.

Rinneadh imscrúdú sa staidéar teicniúil ar chríochuithe a d'fhéadfadh a bheith ann idir réimsí cur i bhfeidhm teicniúil chun catagóiriú den sórt sin a chumasú. Forbraíodh fochatagóirí praiticiúla bunaithe ar an úrscothacht theicniúil atá ann faoi láthair agus ionchur na bpríomhpháirtithe leasmhara ón earnáil á chur san áireamh. Is é an rún atá ann na hiarratais uile atá faoi raon feidhme na díolúine i bpointe 7(a) faoi láthair a chumhdach chun aon saobhadh do-ghlactha san earnáil a sheachaint.

Sainaithníodh na réimsí iarratais seo a leanas:

- idirnaisc inmheánacha in TLL;
- naisc chomhtháite d'fhearas dísle i gcomhpháirteanna TLL;
- naisc chomhtháite le haghaidh comhpháirteanna seachas dísle atá le suiteáil ar fhochóimeálacha (siúntaí sádair den chéad leibhéal);

- siúntaí sádair den dara leibhéal chun comhpháirteanna a cheangal de chlár ciorcad priontáilte nó de fhrámaí luaidhe;
- ábhair shéalaithe heirméiteacha;
- sádair de chineál ardteochta leáite luaidhe i lampaí áirithe;
- trasduchtóirí fuaime.

Ós rud é go raibh go leor ama ann chun dul in oiriúint do na fochatagóirí sin agus cuidiú lena bhforbairt, ní mheastar gur ualach riaracháin díréireach ar an tionscal é an deighilt i bhfochatagóirí. Ina theannta sin, dearadh raon feidhme na réimsí feidhme go hiomchuí chun raon feidhme na díolúine atá ann cheana i bpointe 7(a) a chumhdach. Tuigtear, áfach, gur cheart an deis a bheith ag an tionscal iarratas a dhéanamh ar fhochatagóirí nua. Dá bhrí sin, moltar athnuachan gearrthéarmach le haghaidh phointe 7(a) roimhe seo.

Na hiarratais ar athnuachan a bhaineann go sonrach le catagóir le haghaidh ionstraimí faireacháin agus rialaithe tionsclaíocha de chatagóir 9 agus le haghaidh TLL eile de chatagóir 11, chun measúnú a dhéanamh ar na hiarratais sin, rinneadh staidéar measúnaithe teicniúil agus eolaíoch agus tugadh chun críche é in 2024[7]. Áiríodh sna meastóireachtaí comhairliúcháin le páirtithe leasmhara i gcomhréir le hAirteagal 5(7) den Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha.

Úsáidtear luaidhe i sádair de chineál ardteochta leáite a chumhdaítear le díolúine i bpointe 7(a) i raon éagsúil feidhmeanna deiridh agus níor cuireadh aon argóint theicniúil fhónta ar fáil chun údar a thabhairt le raonta feidhme nó tréimhsí bailíochta éagsúla ag brath ar an gcatagóir TLL. Deimhníodh é sin leis an dara staidéar measúnaithe theicniúil, inar díríodh ar fhaisnéis chatagóirsonrach.

De réir an cheanglais tairsí faoi Airteagal 5(1)(a) den Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha, ní féidir le díolúine an chosaint don chomhshaol agus don tsláinte a thugtar leis an Rialachán maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán a lagú. Cuirtear sádair de chineál ardteochta leáite ina bhfuil luaidhe i bhfeidhm i gcomhpháirteanna leictreacha inmheánacha, nach bhfuil inrochtana do thomhaltóirí faoi ghnáthchúinsí. Dá bhrí sin, níl aon riosca ann go sárófar an leibhéal cosanta a leagtar síos leis an Rialachán maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán má dhéantar an díolúine i bpointe 7(a) a athnuachan.

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le grúpa saineolaithe na mBallstát maidir le gníomhartha tarmligthe faoin Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha an 11 Deireadh Fómhair 2021 agus an 18 Meán Fómhair 2024. Rinne sé na céimeanna nós imeachta uile is gá a bhaineann le díolúintí ó na srianta ar shubstaintí i gcomhréir le hAirteagal 5(3) go (7).[8] Tugadh fógra don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa faoi gach gníomhaíocht ábhartha.

Bhain an príomhphointe cáinte ó shaineolaithe ó na Ballstáit leis an bhfaisnéis neamhleor a chuir iarratasóirí ar fáil mar chuid de na measúnuithe teicniúla. Ba cheart d'iarratasóirí a léiriú go soiléir go gcomhlíontar na critéir faoi Airteagal 5(1)(a) den Treoir maidir le Srian ar

---

[7] Tá an tuarascáil chríochnaitheach (Pacáiste 27) den staidéar ar fáil ag: https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/708d9a2a-26e1-11ef-a195-01aa75ed71a1/language-en/format-PDF/source-327348441.

[8] Tá liosta de na céimeanna riaracháin is gá le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin. Is féidir féachaint ar chéim reatha an nós imeachta maidir le gach dréachtghníomh tarmligthe i gClárlann Idirinstitiúideach na nGníomhartha Tarmligthe ag https://webgate.ec.europa.eu/regdel/#/home.

Shubstaintí Guaiseacha agus bunús a thabhairt lena n-éilimh. Seachas sin, níor cheart aon díolúine a dheonú. Chuir an Coimisiún an méid sin san áireamh trí fho-iontrálacha agus tréimhsí gearra bailíochta a chruthú, i gcás inar gá. Rinne an Coimisiún breithniú freisin ar rannchuidithe eile, ó roinnt ionadaithe tionscail, i bhfabhar an status quo a choinneáil i dtéarmaí díolúintí.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Léiríonn torthaí na meastóireachta nach lagódh an díolúine atá le deonú an chosaint don chomhshaol agus don tsláinte a thugtar leis an Rialachán maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán, i gcomhréir le hAirteagal 5 den Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha.

I gcás fhormhór na bhfeidhmeanna a chumhdaítear leis an díolúine i bpointe 7(a), níl ionadaithe ar fáil nó níl siad iontaofa ná feidhmíochta. Dá bhrí sin, comhlíontar na critéir a leagtar amach in Airteagal 5(1)(a), an chéad fhleasc agus an dara fleasc: go bhfuil sé dofheidhmithe go heolaíoch nó go teicniúil díchur nó ionadú a dhéanamh trí athruithe ar an dearadh nó trí ábhair agus comhpháirteanna nach n-éilíonn aon cheann de na hábhair nó substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn II, agus nach n-áirithítear iontaofacht na n-ionadach.

Mar sin féin, is iomchuí athbhreithniú a dhéanamh ar fhoclaíocht phointe 7(a) d'Iarscríbhinn III atá ann faoi láthair agus fochatagóirí a chruthú do na réimsí éagsúla ina gcuirtear sádair pointí ardteochta i bhfeidhm faoin bpointe sin. Dá bhrí sin, tugtar isteach leis an ngníomh tarmligthe seacht bhfo-iontráil I go VII faoin díolúine a leagtar amach i bpointe 7(a).

Cé gur cheart raon feidhme na bhfo-iontrálacha uile a bheith comhionann leis an raon feidhme a bhí ag an díolúine roimhe seo i bpointe 7(a), ba cheart tréimhse bhailíochta ghearrthéarmach a dheonú don díolúine roimhe seo i bpointe 7(a) lena gcuirfear ar chumas an tionscail réimsí feidhme atá in easnamh a iarraidh.

I bhfianaise an mhéid ama atá caite ó rinneadh an measúnú teicniúil (a tugadh i gcrích i mí Feabhra 2022), ba cheart tréimhse bhailíochta theoranta a bheith ag na fodhíolúintí nua seachas an uastréimhse bhailíochta a d'fhéadfadh a bheith ann, bunaithe ar na moltaí teicniúla. Chun deis a thabhairt d'iarratasóirí sonraí atá in easnamh a sholáthar agus éilimh a rinneadh sa mheasúnú teicniúil roimhe sin a chomhlánú agus bunús a thabhairt leo, meastar gur leor sprioc-am gearr. Ós rud é gur ar an iarratasóir atá an dualgas cruthúnais go gcomhlíontar critéar d'Airteagal 5(1)(a), ba cheart sonraí iomlána a chur isteach ag an gcéad mheasúnú eile, seachas sin ní mór neamh-athnuachan mar gheall ar shonraí atá in easnamh a mheas.

Ba cheart bailíocht beagán níos faide a bheith ag fodhíolúintí i bpointí 7(a)-I go 7(a)-VII ná an tseandíolúine i bpointe 7(a) chun am a thabhairt don tionscal iarrataí ar athnuachan a ullmhú le faisnéis níos mionsonraithe maidir leis na réimsí feidhme sin. I bhfianaise na meastóireachta teicniúla, is iomchuí dáta éaga amháin a shocrú le haghaidh na gcatagóirí uile a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha.

Socraítear na dátaí ar cheart do na díolúintí sin dul in éag i gcomhréir le hAirteagal 5(2), an chéad fhomhír. Ba cheart tréimhse bhailíochta na ndíolúintí sin a bheith fada go leor don tionscal chun iarrataí ar athnuachan a ullmhú i gcomhréir le hAirteagal 5(5), an chéad fhomhír, den Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha, ina sonraítear nach mór iarratais ar athnuachan díolúine a dhéanamh tráth nach déanaí ná 18 mí sula rachaidh an díolúine in éag.

Is treoir tharmligthe í an ionstraim dlí, dá bhforáiltear sa Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha, agus lena gcomhlíontar ceanglais ábhartha Airteagal 5(1)(a) di.

Is é is aidhm don treoir tharmligthe rannchuidiú le sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint, agus forálacha maidir le feidhmiú an mhargaidh aonair i réimse TLL a chomhchuibhiú, trí úsáid substaintí a bhfuil toirmeasc orthu seachas sin a cheadú le haghaidh feidhmeanna sonracha, i gcomhréir leis an Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha agus leis an nós imeachta a leagtar síos sa Treoir sin chun Iarscríbhinní III agus IV a ghabhann léi a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.

Ní mheastar go mbeidh drochthionchair ag na tréimhsí bailíochta a dheonaítear ar an nuálaíocht.

Níl aon impleachtaí ag an treoir tharmligthe do bhuiséad an Aontais.

**TREOIR THARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 8.9.2025**

**lena leasaítear Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine do luaidhe i sádair ardteochta leáite**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le srian ar shubstaintí guaiseacha áirithe a úsáid i dtrealamh leictreach agus leictreonach[1], agus go háirithe Airteagal 5(1), pointe (a) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 4(1) de Threoir 2011/65/AE, ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú nach mbeidh na substaintí guaiseacha a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin i dtrealamh leictreach agus leictreonach a chuirtear ar an margadh. Níl feidhm ag an srian sin maidir le feidhmeanna díolmhaithe áirithe a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir sin.

(2) Liostaítear catagóirí an trealaimh leictrigh agus leictreonaigh a bhfuil feidhm ag Treoir 2011/65/AE ina leith in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin.

(3) Is substaint shrianta í luaidhe a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2011/65/AE. Is é 0,1 % luaidhe de réir meáchain an t-uasluach tiúchana inghlactha in ábhair aonchineálacha.

(4) Le Treoir Tharmligthe (AE) 2018/742 ón gCoimisiún[2] deonaíodh díolúine chun luaidhe a úsáid i sádair de chineál ardteochta leáite, mar a leagtar amach i bpointe 7(a) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/65/AE. Níor tháinig aon athrú ar raon feidhme na díolúine ó tugadh isteach í. I gcás fhormhór na gcatagóirí trealaimh leictrigh agus leictreonaigh, bhí an díolúine le dul in éag an 21 Iúil 2021.

(5) I mí Eanáir 2020 agus i mí Dheireadh Fómhair 2020, fuarthas trí iarraidh ar athnuachan ar an díolúine dá dtagraítear in aithris 4 laistigh den tréimhse ama le haghaidh athnuachan a leagtar síos in Airteagal 5(5) de Threoir 2011/65/AE. I gcomhréir le hAirteagal 5(5), an dara fomhír, de Threoir 2011/65/AE, leanfaidh an díolúine atá ann cheana de bheith bailí go dtí go ndéanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir leis an iarratas ar athnuachan. Chun meastóireacht a dhéanamh ar na hiarratais a fuarthas, rinneadh staidéar measúnaithe teicniúil agus eolaíoch agus tugadh chun

[1] IO L 174, 1.7.2011, lch. 88, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/65/oj.

[2] Treoir Tharmligthe (AE) 2018/742 ón gCoimisiún an 1 Márta 2018 lena leasaítear, chun í a chur in oiriúint don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine do luaidhe i sádair ardteochta leáite (IO L 123, 18.5.2018, lch. 112, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir_del/2018/742/oj).

críche é in 2022[3]. Áiríodh comhairliúcháin le páirtithe leasmhara sa mheastóireacht freisin, i gcomhréir le hAirteagal 5(7) de Threoir 2011/65/AE.

(6) Bhí an díolúine maidir le trealamh leictreach agus leictreonach i gcatagóir 8 'feistí leighis diagnóiseacha in vitro', dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2011/65/AE, le dul in éag an 21 Iúil 2023 agus bhí na díolúintí maidir le catagóirí 9 'ionstraimí faireacháin agus rialaithe tionsclaíocha' agus 11 'trealamh leictreach agus leictreonach eile nach gcumhdaítear le haon cheann de na catagóirí', dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2011/65/AE, le dul in éag an 1 Iúil 2024. An 20 Eanáir 2023, cuireadh isteach dhá iarratas ar athnuachan le haghaidh chatagóir 9 agus chatagóir 11 laistigh den tréimhse le haghaidh athnuachan a leagtar síos in Airteagal 5(5) de Threoir 2011/65/AE. I gcomhréir le hAirteagal 5(5), an dara fomhír, de Threoir 2011/65/AE, leanfaidh an díolúine atá ann cheana de bheith bailí go dtí go ndéanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir leis an iarratas ar athnuachan. . Chun meastóireacht a dhéanamh ar na hiarratais a fuarthas, rinneadh staidéar measúnaithe teicniúil agus eolaíoch agus tugadh chun críche é in 2024[4]. Áiríodh comhairliúcháin le páirtithe leasmhara sa mheastóireacht freisin, i gcomhréir le hAirteagal 5(7) de Threoir 2011/65/AE.

(7) Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht ar an athnuachan díolúine a iarradh go n-úsáidtear sádair de chineál ardteochta leáite ina bhfuil luaidhe i bhfeidhmeanna éagsúla trealaimh leictrigh agus leictreonaigh. Tá níos mó ná 85 % luaidhe de réir meáchain sna cineálacha sádair sin agus tá airíonna ríthábhachtacha acu amhail pointe leá ard, seoltacht leictreach, seoltacht theirmeach, insínteacht, friotaíocht creimeadh, nádúr ocsaídiúcháin iomchuí, agus infhliuchtacht.

(8) Cé go bhfuil ionadaithe aonair agus roghanna malartacha ar fáil go páirteach, ní bheidh réitigh saor ó luaidhe ar fáil, nó ní bheidh siad ar fáil ach amháin le hiontaofacht neamhleor do gach feidhm ábhartha, sna 3 bliana amach romhainn.

(9) Mar sin féin, úsáidtear go forleathan an díolúine a leagtar amach i bpointe 7(a) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/65/AE agus uaireanta ní bhíonn aon ghá teicniúil léi. Chun úsáid mhíchuí na díolúine sin a íoslaghdú agus chun meastóireacht atá sainoiriúnaithe d'iarratais a chumasú, is iomchuí an díolúine a roinnt i bhfo-iontrálacha. Rinneadh measúnú teicniúil agus eolaíoch le roinnt babhtaí de chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara inar díríodh ar fho-iontrálacha leordhóthanacha a fhorbairt.

(10) Sainaithníodh sa mheasúnú teicniúil agus eolaíoch dá dtagraítear in aithris 9 seacht réimse feidhme lena gcumhdaítear raon feidhme na díolúine reatha a leagtar amach i bpointe 7(a) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/65/AE, eadhon idirnaisc inmheánacha i dtrealamh leictreach agus leictreonach ('TLL'), naisc chomhtháite dísle a cheanglaítear i gcomhpháirteanna TLL, naisc chomhtháite le haghaidh comhpháirteanna seachas dísle atá le suiteáil ar fho-chóimeálacha (siúntaí sádair den chéad leibhéal), ailt sádair den dara leibhéal chun comhpháirteanna a cheangal de chlár ciorcad priontáilte nó de fhrámaí luaidhe, ábhair séalaithe heirméiteacha, sádair de

[3] Tá Tuarascáil Chríochnaitheach (Pacáiste 22) an staidéir ar fáil ag https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/c774eb67-7cc6-11ec-8c40-01aa75ed71a1/language-en.

[4] Tá Tuarascáil Chríochnaitheach (Pacáiste 27) an staidéir ar fáil ag https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/708d9a2a-26e1-11ef-a195-01aa75ed71a1/language-en/format-PDF/source-327348441.

chineál ardteochta leáite i lampaí áirithe, trasduchtóirí fuaime. Déantar na réimsí feidhme sin a shonrú a thuilleadh le coinníollacha teicniúla.

(11) Ós rud é go bhfuil dóthain ama tugtha chun rannchuidiú le forbairt fo-iontrálacha agus chun oiriúnú dóibh, agus ós rud é gur cheart leanúint de gach réimse ábhartha feidhme a chumhdaítear leis an díolúine is infheidhme faoi láthair a leagtar amach i bpointe 7(a) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/65/AE a chumhdach leis an díolúine athnuaite, ní mheastar gur ualach riaracháin díréireach ar an tionscal é an deighilt i bhfo-iontrálacha. Chun aon saobhadh suntasach sa mhargadh san earnáil ábhartha a chosc, ba cheart tréimhse a sholáthar chun na réimsí feidhme atá in easnamh a shainaithint. Dá bhrí sin, ba cheart tréimhse bhailíochta ghearrthéarmach a dheonú chun deireadh a chur de réir a chéile leis an díolúine a leagtar amach i bpointe 7(a) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/65/AE, i gcomhréir le hAirteagal 5(2), an chéad fhomhír, de Threoir 2011/65/AE.

(12) I gcás na bhfo-iontrálacha, ba cheart tréimhse bhailíochta leordhóthanach a dheonú i bhfianaise chonclúidí an mheasúnaithe theicniúil dá dtagraítear in aithris 9 chun go mbeidh páirtithe leasmhara in ann faisnéis maidir leis na réimsí feidhme a fhorlíonadh. Ba cheart a chur san áireamh sna dátaí éaga an íostréimhse 18 mí roimh an dáta éaga, inar gá iarrataí ar athnuachan a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 5(5), an chéad fhomhír, de Threoir 2011/65/AE.

(13) Mar gheall ar an athnuachan gearrthéarmach atá fágtha ar an díolúine a leagtar amach i bpointe 7(a) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/65/AE, is iomchuí dáta éaga amháin a shocrú le haghaidh gach catagóire TLL a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2011/65/AE.

(14) Le hathnuachan na díolúine a leagtar amach i bpointe 7(a) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/65/AE agus tabhairt isteach a fo-iontrálacha, ní lagaítear an chosaint don chomhshaol agus don tsláinte a thugtar le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.[5]

(15) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2011/65/AE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/65/AE i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

*Airteagal 2*

1. Na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin [lá deireanach den 6ú mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

---

5 Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1907/oj).

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón [lá deireanach den 6ú mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo + 1 lá].

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8.9.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*